An Ráiteas Síntiús don Fhothoghchán don Dáil 2019

Seicliosta

- Léigh mé na Treoirlínte maidir leis an bhFothoghchán don Dáil ar eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin iad agus tuigim go hiomlán iad
- Tuigim go hiomlán na hoibleagáidí atá orm faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú
- **Tuigim go hiomlán gur cion é loiceadh tuairisceáin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi na dátaí a luaitear agus go bhféadfadh go mbeadh atreorú chuig an nGarda Síochána mar thoradh air**
- Tuigim nach comhlánaithe atá mo chuid tuairisceán go dtí go bhfuil cóip chrua shínithe de na foirmeacha agus na doiciméid tacaíochta ar fad faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin

Tabhair faoi deara:

Tá Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun bualadh le hiarrthóirí chun cabhair a thabhairt maidir leis an ráiteas a chomhlánú.

Iarrtar ar gach iarrthóir na Treoirlínte maidir leis an bhFothoghchán don Dáil ar fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí iad a léamh, agus más gá, comhairle maidir leis na foirmeacha a chomhlánú a iarraidh ó:

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí:
Teil.: (01) 639 5666
Ríomhphost: info@sipo.ie

Ba chóir an Ráiteas Síntiús don Fhothoghchán don Dáil agus an cháipéisíocht a ghabhann leis a bheith faighte ag an Rúnaí, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 HE97, tráth nach déanaí ná 56 lá tar éis lá na vótála, i.e. **24 Eanáir 2020.**

An Ráiteas Síntiús don Fhothoghchán don Dáil 2019

An tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú

IS DON OIFIG AMHÁIN ATÁ AN LEATHANACH SEO

(Níl sé le taispeáint go poiblí)

Sonraí an iarrthóra	
Ainm	**Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.**
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais	**Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.**
Uimh. Theileafóin	**Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.**
Ríomhphost	**Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.**

An Ráiteas Síntiús don Fhothoghchán don Dáil 2019
An tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú

Comhlánaigh le BLOCLITREACHA agus i gcló dubh ionas go mbeifear in ann an ráiteas a chóipeáil

Tá na leathanaigh seo a leanas le taispeáint go poiblí

1. Faisnéis Ghinearálta	
Ainm an Iarrthóra:	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Páirtí Polaitíochta (má bhaineann le hábhar)	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.

2. Síntiúis	
An bhfuair tú aon síntiús aonair ar mó a luach ná €600, nó an bhfuair tú aon síntiúis ar mó a luach comhiomlán ná €600, ón aon duine amháin i ndáil leis an bhFothoghchán don Dáil 2019? Má **FUAIR**, ní mór duit an síntiús/na síntiúis a liostú i gCuid 3 den fhoirm seo.	***Fuair*** ☐ ***Ní bhfuair*** ☐ (Iontráil ✓ de réir mar is cuí)

3. Sonraí faoi Shíntiúis (déan an leathanach seo a fhótachóipeáil i gcás go bhfuil níos mó ná 2 shíntiús á nochtadh)

Síntiús #

Ainm agus seoladh poist iomlán an tsíntiúsóra a ndearnadh an síntiús thar a cheann			
Ar iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt?	IARRADH/NÍOR IARRADH	**Ainm an duine a d'iarr an síntiús (má bhaineann le hábhar)**	
Luach an tSíntiúis	€	**Cineál an tSíntiúis[1]**	
Tuairisc ar an Síntiúsóir[2]		**Dáta ar a bhfuarthas an Síntiús**	
Má fuarthas an síntiús ó shíntiúsóir corparáideach, an raibh foirm um ráiteas ceadaithe ag gabháil leis? [3]			BHÍ/NÍ RAIBH
Ar eisíodh admháil?	EISÍODH/NÍOR EISÍODH	**An Saoránach Éireannach *é/í* an Síntiúsóir?**	IS EA/NÍ hEA
Ainm an duine a d'eisigh an admháil			

[1] Mar shampla, airgead tirim/seic/ríomhaistriú airgid, úsáid maoine, soláthar seirbhísí, etc.
[2] Mar shampla, duine aonair, síntiúsóir corparáideach cláraithe, ceardchumann, páirtí polaitíochta, etc.
[3] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach nóta V thíos

Síntiús #

Ainm agus seoladh poist iomlán an tsíntiúsóra a ndearnadh an síntiús thar a cheann			
Ar iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt?	IARRADH/NÍOR IARRADH	**Ainm an duine a d'iarr an síntiús (má bhaineann le hábhar)**	
Luach an tSíntiúis	€	**Cineál an tSíntiúis[1]**	
Tuairisc ar an Síntiúsóir[2]		**Dáta ar a bhfuarthas an Síntiús**	
Má fuarthas an síntiús ó shíntiúsóir corparáideach, an raibh foirm um ráiteas ceadaithe ag gabháil leis? [3]			BHÍ/NÍ RAIBH
Ar eisíodh admháil?	EISÍODH/NÍOR EISÍODH	**An Saoránach Éireannach *é/í* an Síntiúsóir?**	IS EA/NÍ hEA
Ainm an duine a d'eisigh an admháil			

[1] Mar shampla, airgead tirim/seic/ríomhaistriú airgid, úsáid maoine, soláthar seirbhísí, etc.
[2] Mar shampla, duine aonair, síntiúsóir corparáideach cláraithe, ceardchumann, páirtí polaitíochta, etc.
[3] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach nóta A) v) thíos

DEIMHNIÚ SÍNTIÚS AIRGID

Níl an Deimhniú seo le Taispeáint go Poiblí

Ainm an Iarrthóra	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.

An bhfuil cuntas síntiús polaitíochta agat nó an bhfuil sé amhlaidh gur oscail tú cuntas ar shíntiús airgid ar mó a luach ná €100 a fháil?	***Tá*** ☐ ***Níl*** ☐ (Iontráil ✓ de réir mar is cuí)

TÁBHACHTACH: Mura bhfuil cuntas síntiús polaitíochta agat, comhlánaigh Rannán 1. Má tá cuntas síntiús polaitíochta agat, comhlánaigh Rannán 2.

RANNÁN 1: *Mura bhfuil* cuntas síntiús polaitíochta agat, ní gá duit ach síniú anseo.	
Síniú	
Dáta	

Cuntas Síntiús Polaitíochta

RANNÁN 2: *Má tá* cuntas síntiús polaitíochta agat, comhlánaigh an chuid seo den fhoirm.	
Ainm an Bhainc/na hInstitiúide Airgeadais	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Seoladh an Bhainc/na hInstitiúide Airgeadais	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Uimhir Chuntais	Cliceáil anseo chun an uimhir chuntais a iontráil.

Deimhním leis seo go ndearnadh na síntiúis airgid uile a fuarthas a thaisceadh sa chuntas thuas agus gur chun toghadh an iarrthóra a chur chun cinn a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas.	
Síniú	
Dáta	

Cuir faoi iamh cóip de do Ráiteas Bainc lena gclúdaítear an tréimhse ón dáta ar ar osclaíodh an cuntas nó, má bhí cuntas ann cheana féin, ón 1 Eanáir 2019 go lá na vótála, mar aon leis an bhfoirm chomhlánaithe seo

Cuid A den Dearbhú Reachtúil
(Lena comhlánú go hiomlán ag an Iarrthóir)

Dearbhaímse (ainm an iarrthóra) ....., go sollúnta agus go fíreata gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an **Ráiteas Síntiús agus an Deimhniú Síntiús Airgid** faoi iamh, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir lena gcruinneas agus déanaim an dearbhú sollúnta seo agus mé ag creidiúint go coinsiasach go bhfuil an méid céanna fíor agus de bhua an Achta um Dhearbhuithe Reachtúla, 1938.

Síniú an iarrthóra .....

Cuid B den Dearbhú Reachtúil (lena comhlánú go hiomlán ag an bhfinné)

Agus an chuid seo á comhlánú, ní mór don fhinné a lua cé acu atá aithne aige/aici ar an duine atá ag déanamh an dearbhaithe reachtúil nó a chuir duine eile é/í in aithne dó/di nó a cuireadh é/í in aithne dó/di le ceann amháin de na doiciméid dá dtagraítear thíos

Arna dhearbhú os mo chomhairse *(**ainm an fhinné i gceannlitreacha anseo**)* ....., *nótaire poiblí/ coimisinéir mionnaí/ feidhmeannach síochána/ aturnae cleachtach (**scrios de réir mar is cuí**)* ag ..... *(**Iontráil ainm an iarrthóra atá ag tabhairt an ráitis**)*, ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

nó

atá curtha in aithne dom ag ....., ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

nó

ar cruthaíodh a c(h)éannacht dom sula ndearnadh an Dearbhú seo ach Pas uimh. ..... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ..... ag údaráis [*stát*

eisiúna] ....., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom

nó

Cárta aitheantais náisiúnta uimh. ..... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] .....ag údaráis [*stát eisiúna*].....(ar Ballstát den Aontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach de Chomhaontú LEE é) a thaispeáint dom

nó

Pas Eachtrannach uimh. ..... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ..... ag údaráis [*stát eisiúna*]....., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom

nó

doiciméad taistil dídeanaí uimh. .....arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ..... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thaispeáint dom

nó

doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) uimh. ..... arna eisiúint [*dáta eisiúna*]..... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thaispeáint dom

Síniú an fhinné .....

Catagóir finné* .....

Áit Sínithe .....

Dáta .....

***Chun cáiliú, <u>ní mór</u> gur Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae cleachtach é an finné.**

NÓTAÍ:

I gcás gach síntiúis os cionn €600.00 a fuarthas, ní mór luach agus cineál an tsíntiúis a lua, mar aon le hainm agus **seoladh poist iomlán** an duine a thug an síntiús (féach cuid 3).

A) SÍNTIÚIS THOIRMISCTHE

i) Síntiúis gan Ainm

Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús gan ainm ar mó a luach ná **€100**. Is síntiús gan ainm é an síntiús i gcás nach bhfuil ainm **agus** seoladh an tsíntiúsóra ar eolas ag an iarrthóir. Is ar an bhfaighteoir atá an dualgas a chinntiú gurb eol ainm agus seoladh an tsíntiúsóra.

ii) Síntiúis Airgid Thirim os cionn €200

Is é **€200.00** an **síntiús uasta airgid thirim** a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire.

iii) Síntiúis os cionn na teorann

Tá toirmeasc ar iarrthóir glacadh, in aon bhliain féilire, le síntiús ar mó a luach ná €1,000.00 nó le síntiúis ar mó a luach comhiomlán ná €1,000.00 ón aon duine amháin (duine aonair nó síntiúsóir corparáideach cláraithe). Ba cheart luachanna na síntiús uile a fuarthas ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin a chomhiomlánú agus ba cheart caitheamh leo mar shíntiús aonair.

iv) Síntiúis ón gcoigríoch

Ní fhéadfar glacadh le síntiús polaitíochta, de luach ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) ar a bhfuil cónaí lasmuigh d'oileán na hÉireann), ó chomhlacht corpraithe ná ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

v) Síntiúis os cionn €200 ó shíntiúsóirí corparáideacha neamhcláraithe

Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús ar mó a luach ná **€200** ó shíntiúsóir corparáideach **ach amháin** i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún **agus** go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh (agus é á thabhairt in éineacht leis an síntiús don deontaí) ina ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an ráiteas, dearbhú reachtúil ina ndeirtear go bhfuil an ráiteas ceart i ngach ponc ábhartha, de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé, agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun bheith deimhin de go bhfuil an ráiteas cruinn.

Má fuair tú síntiús atá toirmiscthe, seiceáil na treoirlínte chun faisnéis a fháil faoi conas déileáil leis sin.

B) CUNTAS SÍNTIÚS POLAITÍOCHTA

Ní mór d'iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar shíntiús airgid os cionn €100.00 a fháil (mura bhfuil cuntas den sórt sin ar oscailt cheana féin). Ní mór d'iarrthóirí an Deimhniú Síntiús Airgid agus an ráiteas síntiús seo a chomhlánú freisin.